**Eco-Quakers Ireland – Eco Queries As Gaeilge**

**Ceist 1 – Inbhuanaitheacht - Molta do Mhí Eanáir**

An staonann muid ó mhaireachtáil i slí a thógann níos mó ón Domhan ná mar atá sé in ann a sholáthrú dúinn agus dos na ghlúnta atá le teacht?

An dtugaimid aird ar inbhuanaitheacht, cothromaíocht, agus pobal i ngach ní a ndéanaimid?

**Ceist 2- Cothaigh dóchas**

An gcothaíonn muid dóchas agus an spreagaimid é ionainn féin agus i ndaoine eile, i measc an éadóchais a bhaineann lenár ngéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta?

An mbímid ag obair i dtreo todhchaí inmhianaithe, áit ina mbeadh caidreamh cuibhiúil idir dhaoine, sult á bhaint as an dúlra, agus ár riachtanais sásaithe ag an Domhan flúirseach?

**Ceist 3 – Ag maireachtáil go simplí**

An maireann muid go simplí? An ndéanann muid cúis leis an méid atá againn, ag laghdú ár dtomhaltachas, agus ag deisiú, ag athchúrsáil, agus ag athúsáid in áit rudaí nua a cheannacht?

**Ceist 4 – Am taobh amuigh**

An gcaitheann muid níos mó ama taobh amuigh, ag tabhairt faoi deara, ag gabháil buíochas as, agus ag nascadh leis an dúlra atá ar leac ár ndorais? An mbímid ag ceiliúradh agus an ndéanaimid cosaint ar ilchineálacht an domhain nádúrtha?

**Ceist 5- Taistil – Molta do Mhí Bealtaine**

An gcuardaíonn muid go haireach bealach le taisteal nach ndéanann dochar don Domhan, ag seachaint taistil neamhriachtanach le carr agus eitleán nuair is féidir?

**Ceist 6 – Bithéagsúlacht**

An spreagann muid fiadhúlra inár ngairdíní agus spásanna poiblí, ag ceadú do phlandaí atá cairdiúil i gcomhair feithidí fás, mar shampla? An gcuireann muid oideachas orainn féin faoi athdhúlrú? An spreagaimid múiríniú chun cabhrú le hathghiniúint a dhéanamh ar an gcré?

**Ceist 7 – Ceannaigh go háitiúil**

An gceannaíonn muid go háitiúil ó sholáthraithe, táirgeoirí, agus saothróirí, ag laghdú ár spleáchas ar thaistil idirnáisiúnta? An gcuireann muid sinn féin ar an eolas faoi na buntáistí don Domhan a bhaineann le réim bia inbhuanaithe? An bhfuilimid ar an eolas faoin damáiste a dhéanann dianfheirmeoireacht agus an damáiste a dhéantar dúinn féin agus don timpeallacht tré bhia ultraphróiseáilte a ithe? Agus an itheann muid bia áitiúl, orgánach má tá sé ar fáil agus inacmhainne?

**Ceist 8 – Córais eacnamaíochta**

An gceistíonn muid go gníomhach an gá le fás eacnamaíoch, a chruthaíonn damáiste don Domhan trí thomhaltachas neamhriachtanach?

An dtógann muid am chun na córais eacnamaíochta a chruthaíonn léirscrios a thuiscint agus chun córais dearfacha eile a fhiosrú, cosúil le eacnamaíocht ciorclach agus talmhaíocht athghiniúnach?

**Ceist 9 – Dúlra**

An bhfuilimid ar an eolas faoin ngéarchéim éiceolaíochta agus daona atá ag dul ar aghaidh i gcónaí?

An oibríonn muid in éineacht leis an Dúlra seachas ligeann do na rudaí a shílimid atá de dhíth orainn tús áite a fháil thar gach neach beo eile ar Domhan?

An spreagann an t-eolas seo muid chun machnamh a dhéanamh agus mar sin muid a threorú chun a bheith gníomhach ar son an Dúlra a chosaint?

**Ceist 10 – Foirgnimh**

An ndéanann muid iarracht insliú a dhéanamh ar ár dtithe agus ar na foirgnimh a bhfuilimid freagrach astu, ionas gur féidir laghdú a dhéanamh ar an ngá atá le breoslaí a úsáid chun iad a théamh, nó fiú iad a fhuarú?  An dtógaimid céimeanna simplí, cosúil le geansaí breise a chaitheamh, chun seachaint a dhéanamh ar an gcóras teasa a úsáid gan ghá, rud a theastaíonn breoslaí iontaise go minic?

**Ceist 11 – Nósanna ceannaithe – Molta do Mhí na Samhna**

An dtugaimid aird ar ár dtomhaltas, go háirithe le linn amanna féiltiúla?

An ndéanann muid iarracht níos lú táirgí a úsáid agus mar sin níos lú dramhaíola a chruthú, chun ár lorg carbóin a laghdú, ionas gur féidir le daoine eile maireachtáil le dínit?

An gcoiméadaimid muid féin ar an eolas faoi cheisteanna cosúil le mearfhaisean agus an ndéanann muid roghanna eolacha faoi cad a cheannaíonn muid agus cá háit a ndéanaimid siopadóireacht?

**Ceist 12 – Maireachtáil laethúil**

An dtuigeann muid ár nascanna le daoine timpeall an Domhain agus an tionchar a bhíonn ag ár ngníomhartha ar dhaoine eile atá gar dúinn agus i bhfad uainn?

An aimsíonn muid bia, éadaí, agus tithíocht dúinn féin ar bhealach a chothaíonn an Domhan seachas damáiste agus éagóir shóisialta agus timpeallachta a chruthú?